



BEARTAS MAIDIR LEIS AN GCLOSAMHARC AGUS NA MEÁIN

Rialaítear an beartas closamhairc in AE le hAirteagal 167 agus Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). An chuid is tábhachtaí den reachtaíocht sa réimse seo ná Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, a ndearnadh athbhreithniú air in 2018. Is é MEDIA, fochlár de chuid Eoraip na Cruthaitheachta, príomhionstraim an Aontais Eorpaigh chun cabhrú le lucht an tionscail (tionscal na scannánaíochta go háirithe). Le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, éilítear go ndéanfaí ‘saoirse agus iolrachas na meán’ a urramú.

BUNÚS DLÍ

Ní dhearnadh foráil i gConradh na Róimhe maidir le haon chumhachtaí díreacha i réimse an bheartais maidir leis an gclosamharc agus na meáin, agus ní dhearnadh foráil dóibh ach oiread in CFAE. Faightear, ina ionad sin, dlínse maidir le beartas na meán ó airteagail éagsúla laistigh de CFAE chun beartais do na hearnálacha meán agus teicneolaíochta cumarsáide éagsúla a chruthú. Eascraíonn an gá sin ó chineál casta na n-earraí agus na seirbhísí meán, ar nithe iad nach féidir a shainmhíniú mar earraí cultúrtha amháin ná mar earraí eacnamaíoch amháin. Tá an bunús dlí in CFAE i bhfoirm Airteagail 28, 30, 34, 35 (saorghluaiseacht earraí); 45-62 (saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil); 101-109 (an beartas iomaíochta); 114 (comhchuibhiú teicneolaíoch, nó caighdeáin theicneolaíoch chomhchosúla a úsáid, mar shampla, i léirithe Idirlín); 165 (oideachas); 166 (gairmoiliúint); 167 (cultúr); 173 (tionscal); agus 207 (an comhbheartas tráchtála).

CUSPÓIRÍ

De réir Airteagal 167 CFAE, spreagann AE comhar idir na Ballstáit agus, más gá, tacaíonn sé lena ngníomhaíocht i réimse na cruthaithe ealaíonta agus liteartha agus forlínann sé í, lena n-áirítear an earnáil chlosamhairc. Is é ról AE sa réimse closamhairc ná margadh Eorpach aonair a chruthú i gcomhair seirbhísí closamhairc. Tá sé de cheangal air freisin gnéithe cultúrtha a chur san áireamh i ngach ceann dá bheartais. Déantar cinntí trí bhíthin an gnáthnós imeachta reachtaigh.



A BHFUIL BAINTE AMACH

A. An creat rialála

1. Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (TSMC)

Le linn na 1980idí, b'fhorbairtí nua i dteicneolaíochtaí craolacháin faoi deara méadú ar líon na stáisiún teilifíse tráchtála san Eoraip agus faoi deara a gcrailtá a bheith ar fáil i roinnt tíortha. As sin a d'eascair an gá atá le híoschaighdeán chomhchoiteanna, a leagadh amach den chéad uair i dTreoir 'Teilifís gan teorainneacha' (TVwF) (89/552/CEE). Chuir an chéad athbhreithniú in 1997 prionsabal 'tíre tionscnaimh' i bhfeidhm, rud a chiallaíonn go bhfuil craoltóirí faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe. Cuireadh isteach seirbhísí nua, amhail 'físeán ar éileamh' (VOD) atá ar fáil tríd an Idirlíon, in athbhreithniú 2007. Rinneadh an Treoir sin a chódú in 2010 agus athainmníodh í mar 'Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc' (TSMC).

I dtuarascáil 2012 ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm TSMC agus sna pléití tar éis fhoilsiú Pháipéir Uaine 2013 ón gCoimisiún, 'an Páipéar Uaine ar Ullmhúchán a Dhéanamh do Dhomhan Closamhairc a Bheidh Iomlán Comhtháite: Fás, Cruthú agus Luachanna', ba léir go raibh seirbhísí na meán closamhairc ag teacht le chéile agus go bhfuil an bealach ar a ndéantar na seirbhísí sin a thomhailt agus a sheachadadh de shíor ag athrú i gcomhréir le forbairtí teicneolaíocha.

Chun an creat rialála a thabhairt cothrom le dáta agus fanacht bord ar bhord le forbairtí lena bhfuil tite amach le déanaí, d'fhoilsigh an Coimisiún an 25 Bealtaine 2016 togra nua reachtach lena leasaítear TSMC. Tugadh an idirbheartaíocht thrípháirteach idirinstiúideach maidir leis an téacs i gcrích an 6 Meitheamh 2018. Áirítear i measc phríomhghnéithe an téacs a comhaontaíodh: (1) an teorainn i gcomhair fógraí tráchtála a athrú ó 12 nóiméad in aghaidh na huair go 20% in aghaidh an lae idir 06.00 agus 18.00; (2) mionaoisigh a chosaint ó ábhar a 'd'fhéadfadh díobháil a dhéanamh' dóibh, leis an rialachán céanna is infheidhme maidir le craoltaí traidisiúnta agus seirbhísí ar éileamh; (3) na forálacha maidir le saothair Eorpacha a leathnú chuig soláthraithe seirbhíse ar éileamh, ar gá dóibh a áirithiú go bhfuil 30% ar a laghad dá gcatalóga comhdhéanta de shaothair Eorpacha agus go dtugtar chun suntais i gceart na saothair sin; agus (4) ardáin comhroinnte físeáin a thabhairt faoi raon feidhm TSMC chun críocha fuathchaint a chomhrac agus mionaoisigh a chosaint ó ábhar díobhálach. Rinneadh an vótáil i suí iomlánach chun na rialacha nua a fhorghníú an 2 Deireadh Fómhair 2018. Ina dhiaidh sin, an 6 Samhain 2018, vótáil an Chomhairle ar son na teorach a ghlacadh. Ní mór do na Ballstáit í a thrasú ina reachtaíocht náisiúnta faoin 19 Meán Fómhair 2020^[1].

Tá rialacha sonracha sa treoir chun mionaoisigh a chosaint, maidir le craoltóireacht traidisiúnta agus seirbhísí VOD araon. Cuireadh leis na rialacha sin le moltaí 1998 agus 2006 maidir le mionaoisigh agus dínit an duine a chosaint. In 2012, glacadh an 'Straitéis Eorpach i gcomhair Idirlíon Níos Fearr do Leanaí', lena tugtar tacaíocht di faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ag an gclár agus ag an [fairseach](#) 'Idirlíon Níos Fearr do Leanaí' (an clár 'Idirlíon Níos Sábháilte' roimhe seo).

[1] IO L 303, 28.11.2018, Ith. 92.



2. Cóipcheart sa mhargadh aonair digiteach

An 26 Márta 2019, d'fhormheas an Pharlaimint na rialacha nua cóipchirt don mhargadh aonair digiteach. Rinne AE na rialacha i dtaca le cóipcheart don mhargadh aonair digiteach a nuachóiriú chun roinnt cuspóirí bunúsacha a ghnóthú: (1) tuilleadh rochtana trasteorann ar ábhar ar líne; (2) tuilleadh deiseanna chun [feidhm a bhaint as ábhair faoi chóipcheart chun críocha oideachais, taighde agus oidhreacht chultúrtha](#); (3) margadh cóipchirt a fheidhmíonn níos fearr; agus (4) cur chun feidhme [Chonradh Marrakech](#) i ndlí AE. Beidh an tionchar is mó ag an reachtaíocht nua ar ardáin ar líne amhail YouTube, Facebook agus Google News.

3. Oidhreacht scannánaíochta na hEorpa

Tá sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach na Ballstáit a spreagadh le comhoibriú i gcaomhnú agus i gcosaint oidhreachta chultúrtha a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint léi (Airteagal 167 TFEU). Is é an moladh do na Ballstáit ná oidhreacht scannánaíochta na hEorpa a bhailiú, a chatalógú, a chaomhnú agus a athbhunú go córasach ionas gur féidir í a chur ar aghaidh chuig na glúine amach anseo. Iarrtar ar Bhallstáit AE tuairisc a thabhairt gach dhá bhliain ar a bhfuil déanta acu sa chomhthéacs sin, agus foilsíonn an Coimisiún tuarascáil chur chun feidhme bunaithe ar an eolas sin.

B. Eoraip na Cruthaitheachta

Is é fochlár MEDIA de [chlár Eoraip na Cruthaitheachta](#) an cúigiú clár ilbhliantúil ó 1991 i leith arna eagrú chun tacú le tionscal an chlosamhairc. Cuireann sé le rath na gclár a tháinig roimhe, clár MEDIA agus clár MEDIA Mundus (2007-2013). Is ionann buiséad iomlán Eoraip na Cruthaitheachta agus EUR 1.46 billiún (2014-2020), ar méadú 9 % sa bhuiséad é le hais na gclár a bhí ann roimhe. Tá 56 % ar a laghad den tsuim sin curtha i leataobh i gcomhair fochlár MEDIA. Tugtar tacaíocht agus deiseanna cistiúcháin leis do thionscadail scannán agus teilifíse, líonraí cineama, féilte scannán, forbairt ar an lucht féachana, bearta oiliúna do ghairmithe closamhairc, rochtain ar mhargaí, dáileadh, forbairt físchluichí, dáileadh ar líne agus cistí comhléiriúcháin idirnáisiúnta. An 30 Bealtaine 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a thogra le haghaidh rialachán lena mbunófar an clár 'Eoraip na Cruthaitheachta' a bheidh ann amach anseo (2021-2027). An 28 Márta 2019, mhol an Pharlaimint go méadófaí buiséad molta an Choimisiúin EUR 1.850 billiún go EUR 2.806 billiún. Tá athbhreithniú ar an togra ón bParlaimint á dhéanamh ag an gComhairle faoi láthair.

C. Litearthacht sna meáin agus iolrachas na meán

Is í litearthacht sna meáin an cumas rochtain a fháil ar na meáin, chun gnéithe éagsúla de na meáin agus inneachar meán a thuiscint agus meastóireacht a dhéanamh orthu go grinn agus chun cumarsáid a dhéanamh i gcomhthéacsanna éagsúla. Is scil bhunúsach í don aos óg agus do dhaoine fásta. Tá AE den tuairim gur gné thábhachtach í litearthacht sna meáin do shaoránacht ghníomhach i sochaí faisnéise an lae inniu. Thug conclúidí na Comhairle an 30 Bealtaine 2016 maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil trí bhíthin an oideachais agus na hoiliúna chun suntais go bhfuil litearthacht sna meáin níos tábhachtaí ná riamh i ré an Idirlín agus na meán sóisialta agus gur gá di a bheith ina dlúthchuid den oideachas agus den oiliúint ar gach leibhéal.



Is éard is iolrachas na meán ná an gá le trédhearcacht, le saoirse agus le héagsúlacht i dtimpeallacht na meán. In 2011, bhunaigh Institiúid Ollscoile na hEorpa an Lárionad um Shaoirse agus Iolrachas na Meán (CMPF) ag Lárionad Ard-Léinn Robert Schuman, tionscnamh taighde san Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans, le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach. Is céim bhreise é CMPF sna hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar chosaint iolrachas na meán agus saoirse na meán san Eoraip, agus chun cinneadh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh ar leibhéal AE nó ar an leibhéal náisiúnta chun na cuspoirí sin a chothú. Ina theannta sin, d’eagraigh an Coimisiún a chéad Sheachtain um Litearthacht sna Meáin ar fud AE ó 18 go 22 Márta 2019. Is é cuspoir na himeachta sin ná chun an tábhacht a bhaineann le litearthacht sna meáin i sochaithe Eorpacha nua-aimseartha a chur in iúl.

D. Tionscnaimh eile

Le linn Fhéile Scannán Cannes, eagraíonn AE pléití agus painéil maidir le hábhair éagsúla amhail maoiniú do scannáin, dáileadh scannán, forbairt an lucht féachana agus nuálaíocht. Cuireadh tús leis an [bhFóram Scannán Eorpach](#) in 2015 agus is éard atá ann ná ardán le haghaidh idirphlé struchtúrtha idir lucht déanta beartas agus an earnáil closamhairc. Tugadh isteach an gradam ‘Tallann nua in AE’ in 2004 chun saothair stiúrthóirí óga Eorpacha a bhfuair oiliúint a ndearna MEDIA urraíocht uirthi a chur chun cinn. Is duais í [Duais na mBristeoirí Teorann san Eoraip](#) i gcomhair ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, a dhéanann clár Eoraip na Cruthaitheachta an duais sin cómhaoiniú air.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá sé curtha i dtreis ag an bParlaimint gur cheart d’AE spreagadh a thabhairt d’fhás agus d’iomaíochas na hearnála closamhairc, agus aitheantas á thabhairt aici, do mhórhábhacht na hearnála i ndáil leis an éagsúlacht chultúrtha a choimirciú.

1. An tionscal closamhairc Eorpach

Agus é ag cur lena rún an 16 Samhain 2011 maidir le cineama Eorpach sa ré dhigiteach^[2], léirítear sa rún ón bParlaimint an 28 Aibreán 2015 maidir le scannán Eorpach sa ré dhigiteach tacaíocht^[3] láidir do scannánóirí Eorpacha agus tugann sé chun suntais ról na tacaíochta airgeadais a sholáthraíonn fochlár MEDIA de chlár Eoraip na Cruthaitheachta. Cuireann sé i bhfios an tábhacht a bhaineann le litearthacht scannáin agus le forbairt lucht féachana.

Ina rún an 11 Meán Fómhair 2012 maidir le saothair chlosamhairc a dháileadh ar líne san Aontas Eorpach^[4], déantar iniúchadh ar ghnéithe den chóipcheart agus ar na dúshláin a bhaineann le hinfhaighteacht dhigiteach saothar closamhairc i dtéarmaí cearta na n-údar a chosaint. Vótáladh tuarascáil cur chun feidhme maidir le clár Eoraip na Cruthaitheachta, agus, dá bhrí sin, fochlár MEDIA, sa Choiste um Chultúr agus um Oideachas (CULT) i Eanáir 2017 agus glacadh an rún comhfhreagrach sa suí iomlánach an 2 Márta 2017^[5]. Leis an rún sin, tugadh chun suntais an fhíric go bhfuil

[2] IO C 153E, 31.5.2013, lch. 102.

[3] IO C 346, 21.9.2016, lch. 10.

[4] IO C 353E, 3.12.2013, lch. 64.

[5] IO C 263, 25.7.2018, lch. 19.



buiséad iomchuí agus nósanna imeachta riaracháin simplithe de dhíth chun tionchair níos mó a bhaint amach. Chuir na baill béim freisin ar an tábhacht é a dhéanamh níos éasca d'eagraíochtaí nó tionscadail ar mhionscála chun maoiniú a rochtain.

2. Duais LUX

Tá sé mar aidhm le [Duais LUX](#), a chruthaigh Parlaimint na hEorpa agus a dámhadh den chéad uair in 2007, dáileadh scannáin Eorpacha a chur chun cinn ar fud AE trí fhotheidealú a chur ar fáil do na trí scannán ainmnithe don duais i 24 theanga oifigiúla AE, lena n-áirítear i dteanga bhunaidh an scannáin agus freisin iad a chur in oiriúint do dhaoine atá bodhair agus dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu.

3. Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (TSMC)

Ina rún maidir le teilifís, sna 1980idí agus na luath 1990idí, d'éiligh an Pharlaimint arís agus arís eile go mbeadh caighdeáin choiteanna teicniúla ann i gcomhair craoladh díreach trí shatailít agus i gcomhair HDTV. Glacadh Treoir TVwF in 1989 agus tá tacaíocht láidir tugtha ag an bParlaimint di ó shin. Rinneadh an Treoir sin a athbhreithniú in 1997 agus in 2007 agus athainmníodh í mar Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (TSMC). Ceadaíodh í mar thoradh ar na caibidlíochtaí idir an Pharlaimint agus an Chomhairle inar cuireadh san áireamh an chuid is mó de na hábhair imní a ardaíodh sa chéad léamh sa Pharlaimint.

Tá cur chun feidhme TSMC á leanúint go géar ag an bParlaimint. Ina rún an 22 Bealtaine 2013 maidir le Cur Chun Feidhme na Treorach um Sheirbhísí Meán Closamhairc^[6], cuireann an Pharlaimint roinnt tuairimí agus moltaí i láthair, go háirithe i dtaca le hinrochtaineacht, cur chun cinn saothar closamhairc Eorpach, cosaint mionaoisigh, fógraíocht, dúshláin amach anseo agus iomaíocht idirnáisiúnta.

Ina rún an 4 Iúil 2013 maidir le teilifís nasctha^[7], d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh mór is atá an gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar TSMC agus ar na ceanglais reatha eile a leagtar síos sna rialacháin a bhaineann le líonraí agus leis na meáin (e.g. an pacáiste teileachumarsáide). Bhain an gá atá le hathbhreithniú go háirithe leis na rialacha maidir le hainmsitheacht agus rochtain neamh-idirdhealaitheach ar ardáin do sholáthraithe inneachair, forbróirí agus úsáideoirí inneachair, go fairsingiú a dhéanamh ar choincheap na n-ardán, agus na hionstraimí atá ann cheana a oiriúnú d'fhorbairtí nua, amhail teilifís nasctha.

An 12 Márta 2014, ghlac an Pharlaimint rún maidir le hUllmhúchán a Dhéanamh do Dhomhan Closamhairc a Bheidh Iomlán Comhtháite^[8] (mar fhreagra ar Pháipéar Uaine an Choimisiúin i ndáil leis an tsaincheist chéanna). Sa rún sin, tugann an Pharlaimint dá haird cóineasú margaí, agus cuireann sí i dtreis an gá atá le rochtain agus inaimsitheacht a chaomhnú agus leis an éagsúlacht agus le samhlacha maoinithe a choimirciú, agus déanann sí anailís ar bhonneagar agus minicíochtaí, ar luachanna, agus ar an gcreat rialála.

Mar fhreagairt ar na rúin parlaiminteacha sin agus i bhfianaise luas an athraithe san earnáil chlosamhairc, an 25 Bealtaine 2016, chuir an Coimisiún an 25 Bealtaine

[6] IO C 55, 12.2.2016, lch. 71.

[7] IO C 75, 26.2.2016, lch. 141.

[8] IO C 378, 9.11.2017, lch. 140.



2016 togra i láthair maidir le TSMC a leasú. Faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh, vótáil Coiste CULT ar a [thuarascáil](#) in Aibreán 2017, i gcáil an phríomhchoiste maidir leis an tsaincheist sin, agus chinn an Choiste dul i mbun caibidlíochtaí idirinstiúideacha leis an gComhairle. Tar éis don Chomhairle agus don Parlaimint a gcaibidlíochtaí a thabhairt i gcrích an 6 Meitheamh 2018, tharla an vótáil sa Choiste an 11 Iúil 2018. Beidh feidhm ag an reachtaíocht athbhreithnithe maidir le craoltóirí, ach freisin maidir le hardáin fhíseáin ar éileamh agus ardáin comhroinnte físeán, amhail Netflix, YouTube agus Facebook, chomh maith le beoshruthú ar ardáin chomhroinnte físeán. Lena chois sin, d'éirigh le caibidleoirí de chuid na Parlaiminte na nithe seo a leanas a áirithiú: cosaint fheabhsaithe do leanaí, rialacha níos déine maidir le fógraíocht, agus ceanglas gur gá 30% ar a laghad den ábhar i gcláir ar chainéil teilifíse agus ar ardáin fhíseáin ar éileamh a bheith Eorpach.

Katarzyna Anna Iskra / Audrey Marti
05/2019

